

❖ An Lúibín ❖

1 Meitheamh 2021

Ag aimsiú ár gcroí

A book by an Australian Indigenous author translated to Irish.

Ráiteas Bundúchasach is ea an 'Uluru Statement from the Heart' agus é foilsithe in 2017 ag toscairí Chomhdháil Náisiúnta Bunreachtúil na gCéad Náisiún, ócáid a bhí ar siúl cois Uluru i Lár na hAstráile. Éilíonn sé go mbeadh 'Guth na gCéad Náisiún' le fáil i mBunreacht na hAstráile agus go mbeadh Coimisiún Makarrata ann chun maoirseacht a dhéanamh ar chonradh idir Rialtas na hAstráile agus pobail Bhundúchasa agus Oileánacha. (Focal ón teanga Yolngu san oirthuaisceart is ea *makarrata* agus ciall leis atá gar do 'chonradh'.)

Scriobh Thomas Major sé *Finding Our Heart*, scéal do dhaoine óga atá bunaithe ar Ráiteas Uluru. Duine ón bpobal Oileánach i gCaolas Torres lastuaidh den Astráil is ea an t-údar, agus anois tá an leabhar sin aistriú go Gaeilge ag Tomás de Bhaldraithe mar *Ag Aimsiú ár gcroí*. Tá Tomás ina chónaí san Astráil le fada an lá, agus seo an chéad leabhar dá leithéid ar cuireadh Gaeilge air.



Dúnmharú

Fragments of evidence keep being found about the use of Irish in colonial Australia. One such piece of evidence involves a triple murder in New South Wales in 1871.

Tá taighde ar siúl i gcónaí ar úsáid na Gaeilge san Astráil sa ré choilíneach agus níos déanaí, agus tagtar ar bhlúirí fianaise ó am go ham a thugann léargas ar an scéal mór. Tá Dymphna Lonergan, Gaeilgeoir agus acadóir, orthu siúd atá i mbun na hoibre sin, agus ise a tháinig trasna ar fhíosa sa *Maitland Mercury* faoi dhúnmharú a tharla in 1871. Cuireadh i leith Patrick Martin gur mharaigh sé a bhean chéile agus beirt eile agus fianaise thromchúiseach ann go ndearna sé é agus é ar meisce. Ba chainteoir Gaeilge é.

Rinneadh an choir timpeall dhá mhíle slí ó Forest Reefs in New South Wales, laistea de Orange, baile mór sna hArdáin Lárnacha. B'órcheantar é Forest Reefs sna 1860idí agus insna 1870idí. Bhí dhá bhothán ann in aice a chéile, lánúin aosta ina gcónaí i gceann acu agus a n-iníon sa cheann eile. Bhí sí siúd pósta le Martin, agus oíche úd an mharaithe bhí a neacht bheag léi. Dealraíonn sé go dtugadh Martin drochíde dá raibh ann.

Na seandaoine a lámhachadh ar dtús; ansin maraíodh an bhean óg. Chuala an gearrchaile a haintín á rá 'Oh Pat, Pat, dear loving Pat' nuair a chonaic sí chuici é; ansin d'imigh an bhean óg ar a ceithre boinn chun an tseomra tosaigh agus a cuid éadaigh trí thine toisc gur scaoileadh an gunnán chomh gar sin di. Thug an gearrchaile rud éigin le n-ól di ach ba ghearr go bhfuair sí bás. Gortaíodh an gearrchaile féin nuair a caitheadh ar an urlár í.

Martin féin a chuir fios ar na póilíní (na 'pílir') agus é á mhaíomh gur duine éigin eile a bhí ciontach ann. Nuair a scrúdaigh siad an marú ba bheag an mhoill orthu Martin a ghabháil. Bhí dhá ghunnán i dtuaisce aige ach ní bhfuarthas tásca ná tuairisc ar cheann acu, agus níorbh fhéidir le Martin a rá cén fáth a raibh an gunnán sin ar iarraidh. Bhí finnétithe ann a dúirt go raibh Martin ar meisce an oíche chéanna.

Maitland Mercury, 2 Feabhra 1871: 'The Forest Reef Murders' (4/1/1871):

The examination of Patrick Martin was resumed and concluded on Friday. The following evidence was adduced, and reported in the Western Examiner :

Daniel Connors deposed : I am a warder in Orange gaol. I have known prisoner for four years. We were intimately acquainted. I remember his being received into Orange gaol. I have had conversations with him. The following conversation took place in Irish : -I said "God help you." He said "I'm all right." I said "I do not think it." He said "The peelers know nothing." On the 19th instant prisoner commenced another conversation with me, not in Irish.



Orange in 1929.
Wikimedia Commons

Is mór an trua gur theip orainn go dtí seo a fháil amach cén chríoch a bhí ar an scéal.



Caint agus cainteoirí

No one denies the problems that plague the teaching of Irish in Irish schools. Solutions are not so easily implemented.

Múineadh na Gaeilge á tharraingt anuas arís, agus ní hé sin deireadh an scéil. Cuntas in *Tuairisc.ie* ar thuairimí an TD Éamon Ó Cuív nach foláir do mhúinteoirí Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge cáilíocht bhreise a bheith acu, agus go leor múinteoirí ann nach bhfuil sé de chumas acu múineadh trí Ghaeilge ná comhrá simplí féin a dhéanamh.¹ An méid sin ráite go minic cheana agus gan a mhalairt le cloisteáil ag aon duine, polaiteoir nó eile.

Bhí an caighdeán Gaeilge a bhíonn ag múinteoirí Gaeilge agus ceist an deontais Ghaeltachta d'ábhar oidí á gcóradh ag Coiste Oireachtais na Gaeilge agus na Gaeltachta. Dúirt Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta Tomás Ó Ruairc gur léirigh Tuarascáil Phríomhchigire na Roinne Oideachais in 2016 gurb í an cheist ba thábhachtaí áiseanna agus acmhainní breise a sholáthar do mhúinteoirí agus do scoileanna chun an Ghaeilge a neartú. Dúirt an tuarascáil go raibh teagasc na Gaeilge ag éirí níos measa sna bunscoileanna anois, agus go raibh an caighdeán i bhfad níos ísle ná mar a bhí i mBéarla agus i Matamaitic i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna. (Bheadh iontas ort go bhfáiscítear cainteoirí Gaeilge ar bith as na scoileanna sin; ach titeann sin amach.)

Ceist a chuirtear ó am go ham – an deacra Gaeilge a fhoghlaim ná teangacha eile. Ní hea, a deir Cóilín Ó Floinn, Ollamh Cúnta i Scoil na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, de réir ailt a scríobh Éanna Ó Caollaí do Tuarascáil in *The Irish Times*.² Ní mór cúrsaí sochtheangeolaíochta a chur san áireamh, ach ní deacra Gaeilge a fhoghlaim. Na daoine a dhéanann gearán faoin scéal is dream iad ar theip orthu an teanga a fhoghlaim ar chúiseanna eile. Tá gá le modhanna múinte cuí ach tá tábhacht freisin le húsáid na teanga lasmuigh den rang.

Pointe maith, ar ndóigh, an pointe deireanach. Ar éigean a thugtar deis do na daltaí labhairt na teanga a chleachtadh sa rang, rud a fhágann nach bhfuil muinín acu ina gcumas cainte; agus is beag deis atá acu a teanga a úsáid amuigh. Do chloigeann pultha le Gaeilge na scoile ach gan focal di ar do theanga.

Ach is láidir fós é siombaileachas na Gaeltachta, agus tá claonadh ann fós chun neart nó laige na teanga sa Ghaeltacht a úsáid mar thomhas, beag beann ar a threise atá an Ghaeilge sa limistéar uirbeach. Tá a rian sin ar dhearcadh na ndaoine úd lasmuigh d'Éirinn a bhfuil sé de cheird acu breith a thabhairt ar staid na dteangacha atá 'i mbaol'. Cuireann Atlas na dTeangacha Domhanda aTá i mBaol (atlas de chuid UNESCO) in iúl go bhfuil an Ghaeilge i gcontúirt mhór. Níl – ach amháin sna ceantair mar a bhfuil na cainteoirí traidisiúnta. Is dócha go rachaidh os cionn 40% de theangacha an domhain in éag san aois atá le teacht, ach beidh an Ghaeilge beo go fóill. In 2016 ní raibh ach 20,586 cainteoirí laethúla sa Ghaeltacht; lasmuigh den Ghaeltacht bhí 53,217.³ Is iad na cainteoirí eile úd a sheasfaidh an fód, dream na gcathrach agus na mbailte móra, dream atá líofa ach nach bhfuil aon phioc den saol traidisiúnta ag baint leo. Agus cuimhnimis ar na cainteoirí thar lear, dream atá ag borradh de réir a chéile agus gréasáin dá gcuid féin á ndéanamh acu.



Gaeilgeoirí dúchais agus nuachainteoirí

¹ <https://tuairisc.ie/sceal-alice-in-wonderland-e-an-cur-chuige-i-leith-muinteoiri-do-scoileanna-lan-ghaeilge/>

² 'Modhanna teagaisc agus foghlaim an dara teanga,' *The Irish Times*, 5/4/21: <https://www.irishtimes.com/culture/tuarasc-%C3%A1il/modhanna-teagaisc-agus-foghlaim-an-dara-teanga-1.4526407>

³ An Phríomhoifig Staidrimh, Census of Population 2016 – Profile 10, Education, Skills and the Irish Language : <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/ilg/>

In 2016 a paper was published in Ireland using interviews with young Irish speakers, both traditional and urban, with the two styles of Irish being compared. Its findings are still valid. A natural ease in language use was attributed to the native speakers, with urban speakers being better versed in formal grammar. Both groups thought it important thing to speak the language regardless. Only urban Irish, however, was likely to survive.

Nic Fhlannchadha, S. and Hickey, T.M. (2016). 'Minority Language Ownership and Authority: Perspectives of Native Speakers and New Speakers.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*. Online publication: https://researchrepository.ucd.ie/bitstream/10197/7394/1/Nic_Fhlannchadha_%26_Hickey_2016_Proof_for_Repository.pdf

Foilsíodh an páipéar seo cúig bliana ó shin agus baint aige le ceist thábhachtach teanga: an caidreamh idir cainteoirí dúchais Gaeilge agus cainteoirí cathrach – na nuachainteoirí. Is beag an t-amhras ná go dtugann sé léargas fós ar an gceist sin.

Cuireadh agallamh ar sheacht gcainteoir déag óga agus iad go léir líofa: seacht gcainteoir dúchais (ceathrar bean ina measc) agus deich nuachainteoir (seisear ban ina measc). Fuarthas na cainteoirí seo i gclub Gaeilge agus i ngréasán sóisialta in ollscoil mhór in Éirinn.

Ba í aidhm an staidéir eolas a fháil ar na tuairimí a bhí ag roinnt cainteoirí líofa ar chruinneas gramadaí agus ar nósanna úsáide, agus ar an mbaint a bhí ag na tuairimí sin le cleachtadh na teanga agus le barantúlacht. Tugadh aird chomh maith ar roinnt na cumhachta idir cainteoirí dúchais agus nuachainteoirí.

Cíoradh ceist an Chaighdeáin. Baintear feidhm as an gCaighdeán chun cumas Gaeilge a mheas i scrúduithe agus dá bhrí sin is minic a úsáidtear é anois chun labhairt na teanga a mheas. Níor bhronn Dia údaracht ar leith air ach cuirtear údaracht ina leith i réimsí foirmiúla ar nós an oideachais, na meán agus na hidé-eolaíochta náisiúnta. Cuireann sé in iúl go bhfuil bealach 'ceart' ann chun an teanga a úsáid, agus d'fhéadfadh sin an meas atá ar na canúnacha a laghdú.

Ba dhóigh leis na cainteoirí dúchais gur tháinig an teanga chomh réidh sin leo toisc í a bheith á labhairt sa bhaile acu. As seo a tháinig nádúrthacht nach raibh le fáil i nGaeilge na nuachainteoirí. Mar sin féin, is minic nach raibh fonn orthu lochtú soiléir a dhéanamh ar na cainteoirí sin. Bhí timpeall leath na nuachainteoirí ar aon intinn leis na gcainteoirí dúchais i dtaobh na nádúrthachta, ach dúirt beagnach gach duine acu go raibh gradam ag baint leo féin i measc Béarlóirí toisc Gaeilge líofa a bheith acu. Shíl na nuachainteoirí go raibh a gcuid Gaeilge féin níos acmhainní ná na canúnacha traidisiúnta, ach shíl cuid acu go gcaillfí gné bhunúsach den teanga agus an Ghaeilge chathrach ag dul i neart.

Dúirt 70% go 80% de na daoine sa dá ghrúpa gur thábhachtaí an dearcadh ceart a bheith agat ar an nGaeilge agus féachaint lena labhairt ná cruinneas gramadaí. Ba shoiléire an tuairim seo i measc na nuachainteoirí ach bhí sí ag 71% de na cainteoirí dúchais freisin.

Dúirt formhór na gcainteoirí dúchais gur tháinig tuiscint nua acu ar laigí ina gcuid gramadaí tar éis dóibh bualadh le nuachainteoirí líofa. Tuigeadh do chuid acu nach raibh a oiread focal acu is a bhí ag na nuachainteoirí, agus dúirt cuid acu gurb éard ba chúis le laige na gramadaí acu gan a oiread teagaisc fhoirmiúil a fháil i ngramadach agus sa Chaighdeán is a gheofaí sna gaelscoileanna agus sna gaelcholáistí. Ní hiad na cainteoirí dúchais amháin nach raibh muinín mhór acu ina gcuid eolais ar ghramadach. Dá bhrí sin, b'fhéidir, a thug cuid mhór de na cainteoirí tús áite don líofacht seachas don chruinneas.

Dúirt a lán cainteoirí go raibh siad mórtasach as a dtuin, agus ba dhóigh leo gur mhó an meas a bhí ag daoine eile ar an tuin mar chomhartha líofachta ná mar a bhí ar an gcruinneas féin. Ach dúirt na hUltaigh gurbh éigean dóibh a dtuin a athrú chun go dtuigfí iad agus a fhios acu go maith go gcuirfeadh a dtuin 'ait' as do chainteoirí as aiteanna eile. Shíl na cainteoirí dúchais go léir gur cheangail a dtuin dá ndúiche féin iad agus gur chomhartha barantúlachta acu í. Ba chuid suntais é, áfach, nach ndearna na nuachainteoirí aon iarracht ar aithris a dhéanamh ar na cainteoirí dúchais; mhothaigh siad go raibh a dtuin féin barantúil go leor mar thuin iarthraidisiúnta.

Luaigh leath na nuachainteoirí agus trí cheathrú de na cainteoirí dúchais an Caighdeán mar an t-údarás mór agus cruinneas gramadaí i gceist. Ba é an tuiscint a bhí acu ar an gCaighdeán gur bhailiúchán rialacha é is cuí a úsáid i gcomhthéacs foirmiúil agus scoláirí ina bhun atá oile go maith ar phointí teicniúla na gramadaí.

Chreid an dá ghrúpa gur mhó ná riamh an tábhacht a bhí le labhairt na teanga agus í i mbaol. Ba thábhachtaí é seo ná an cruinneas, gan trácht ar shaincheart a éileamh ar an teanga.

Chuir cuid de na cainteoirí síos ar a raibh i ndán don teanga agus barúil acu go raibh meath ag teacht ar Ghaeilge na Gaeltachta agus neart ag teacht sna cineálacha iarthraidisiúnta de bharr níos mó Gaeilge a bheith á húsáid lasmuigh den Ghaeltacht. Deir údair an pháipéir:

New speakers outside of the Gaeltacht are being associated with the modern way of speaking the language while the traditional Irish spoken in the Gaeltacht is seen as dying out and valued mainly for its historical value, with native speakers functioning in the future as curators of this variety.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta

Dánta le Julie Breathnach-Banwait, file a tógadh i gCeantar na nOileán i gConamara agus atá ina cónaí anois san Astráil Thiar. D'fhoilsigh Coiscéim Dánta Póca in 2020. Scríobhann sí ina gcanúint féin.

Nuair a thagann an tinneas

Ní raibh corp agam is mé óg
ar thug me faoi deara

Ach gur iompar sí m'inchinn
léi chun spraoi is í

liom ar an trá ins san gcladach
ag piocadh sliogáin

is ag cuardach búndúin leice
ar bharr cloiche

Dúradh liom gur liom í
ach narbh liom í

go mb'fhearr dom í
a chosaint

mar nach raibh sí
imdhíonach den ghortú

níor chuir mé chuici ná uaithí
gur chaoin sí m'aird

Gan ghlacadh

Síntear chuici an leigheas
i gcrúscáí beaga bána

Is galar atá orm ar sí
gan neart agamsa
ar bhitheolaíocht
ná tanú an chraicinn
seo ar mo lámha

Mar go n-éilíonn an domhan mór
an fhoirfeacht
is é ag sciorradh uaimse

Bunú

Céard atá seasmhach
thrí chíríp is corraí
is a shuíonn go muinteartha
is gach ní allúrach?

Céard atá buan
nach dteastaíonn míniú
is nach n-iompraíonn bagairt?

Céard é an bunú
atá i bhfad uait
is tú ag guairneán thrí na cruinne
ábhal is fíochmhar?

Seas. Fan. Féach. Beir greim.
Suí. Tóg anáil is foscadh
san áit sin.

Dánta le Colin Ryan (Melbourne). D'fhoilsigh Coiscéim Corraí na Nathrach in 2017.

Aitheanta

D'aithin an leabhar í
a claoine is a claonbhearta
an scian ina glac aici
agus í ina fánaí folaigh
ag imirt díoltas ar an domhan
i gcathair na gcat is na leannán
nó gur bháigh sí an leabhar
i dtobar sa ghairdín
is a haghaidh aníos ón uisce
is gealach mhire ina teannta

Turas

Anseo a chuaigh an long go grinneall
agus a raibh ar bord
i ngreim na scléipe
ag druidim ina n-intinn
ar chalaí na seanchathracha:
iad ag spraoi go fóill
faoi acraí dorcha an uisce
gan aird acu fós
ar chorraí mall na feamainne
ná ar chaidéis an éisc
is ní chreideann siad fós
go bhfuil na cathracha báite
thall i bhfásach an aeir